Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12795/19**

**ENV 827**
**DEVGEN 188**
**ECO 103**
**SAN 418**
**PECHE 429**
**AGRI 482**
**IND 247**
**CHIMIE 128**
**ENER 454**
**RECH 451**
**TRANS 469**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – *Turning the Trends Together* [Na Treochtaí a Chasadh le Chéile]<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – *Turning the Trends Together* [Na Treochtaí a Chasadh le Chéile], mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3716ú cruinniú a bhí aici ar an 4 Deireadh Fómhair 2019.

**An 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – *Turning the Trends Together* [Na Treochtaí a Chasadh le Chéile]**

**– Conclúidí ón gComhairle**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil creataí beartais don chomhshaol agus don aeráid á gcur ar fáil le breis agus 40 bliain leis na Cláir Ghníomhaíochta don Chomhshaol (CGCanna), arna n-ullmhú i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir, agus gur chuidigh na creataí sin le spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus leis an gcomhshaol a chomhtháthú i réimsí beartais eile de chuid an Aontais;

Á MHEABHRÚ DI, i gcomhréir le forálacha Airteagal 192(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go nglacfaidh an tAontas CGCanna i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach chun treoir straitéiseach a chur ar fáil agus chun gníomhaíocht intuartha agus comhordaithe a áirithiú do bheartas na hEorpa maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an athrú aeráide;

Á MHEABHRÚ DI an Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta don Chomhshaoil de chuid an Aontais go dtí 2020, dar teideal *Living well, within the limits of our planet* [Ag maireachtáil go maith, laistigh de theorainneacha ár bpláinéid][1] (an 7ú CGC), lena leagtar amach fís don bhliain 2050 ina mbeadh an beartas i ndáil leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide mar údar spreagtha don fhás glas, do phláinéad a bheadh sláintiúil agus d'fheabhsú dhea-bhail na ndaoine;

Á MHEABHRÚ DI Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ó na Náisiúin Aontaithe, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), agus an Páipéar Machnaimh ón gCoimisiún dar teideal *Towards a sustainable Europe by 2030* [I dtreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030];

---

**1** IO L 354 an 28.12. 2013, lch. 171.

Á MHEABHRÚ DI Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, Comhaontú Pháras ó Nollaig 2015, an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Clean Planet for all* [Pláinéad Glan do Chách], lena léirítear fís straitéiseach fhadtéarmach ar mhaithe le geilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach faoin mbliain 2050 agus an tuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) dar teideal *Global Warming of 1.5 °C* [Téamh Domhanda de 1.5°C];

Á MHEABHRÚ DI torthaí Thuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2019 de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), ina dtugtar foláireamh go bhfuil an dúlra ag dul in olcas ar fud an domhain ag rátaí nach bhfacthas riamh roimhe i stair an duine agus go bhfuil an ráta díothaithe speiceas ag éirí níos tapúla, le hiarmhairtí tromchúiseacha ar na hearraí agus na seirbhísí a sholáthraíonn an dúlra do dhaoine ar fud an domhain;

Á MHEABHRÚ DI an tIonchas Comhshaoil Domhanda 6, an tIonchas Ceimiceán Domhanda II, an tIonchas Acmhainní Domhanda 2019 agus na tuarascálacha bliantúla ar tháscairí comhshaoil ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil;

Á MHEABHRÚ DI an Clár Oibre Straitéiseach 2019-2024 a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 20 Meitheamh 2019, ina n-éilítear an gá práinneach le hEoraip a fhorbairt a bheidh aeráidneodrach, glas, cothrom agus sóisialta;

Á MHEABHRÚ DI rún Uachtarán toghaí an Choimisiúin Comhshocrú Glas Eorpach a thíolacadh;

Á MHEABHRÚ DI an Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme an $7^{ú}$ CGC agus an Tuairim ó Choiste na Réigiún dar teideal *Towards the $8^{th}$ EAP* [I dtreo an $8^{ú}$ CGC];

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas:

– I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe faoi 2030[2];

– I dtreo straitéis an Aontais do bheartas inbhuanaithe ceimiceán[3];

– Tuilleadh ciorclaíochta – An t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe[4];

---

[2] 8286/19
[3] 10713/19
[4] 12791/19

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é is bonn le sochaí chothrom, shláintiúil, rathúil éiceachórais a fheidhmíonn go maith agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá gníomhú go práinneach mar go bhfuil roinnt de theorainneacha an phláinéid sáraithe cheana agus go bhfuil an t-athrú aeráide, an truailliú, cailliúint na bithéagsúlachta agus na héilimh mhéadaitheacha ar acmhainní nádúrtha ina mbagairt ar dhea-bhail agus ar ionchais na nglún atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; ÁITÍONN SÍ gur costais arda a bheidh ann don chomhshaol, sláinte an duine, an dea-bhail agus don gheilleagar mura ngníomhaítear anois; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an tAontas tiomanta d'ardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte, do cháilíocht an chomhshaoil a fheabhsú, agus don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide;

**Meastóireacht ar an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol**

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht ar an 7ú CGC;

3. AITHNÍONN SÍ na príomhthorthaí ón tuarascáil ón gCoimisiún lena léirítear gur bailí fós an fhís do 2050 agus na trí thosaíocht théamacha[5]; mar sin féin, IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI go bhfuil dúshláin mhóra fós ann i réimse an bheartais chomhshaoil agus an bheartais maidir leis an athrú aeráide;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go léiríonn an mheastóireacht go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta maidir leis na spriocanna a leagadh síos sa 7ú CGC a bhaint amach ach gur lú an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le caipiteal nádúrtha, leis an gcomhshaol agus leis an tsláinte, le cur chun feidhme agus le comhtháthú cúrsaí comhshaoil i mbeartais eile;

---

5 Caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú; an tAontas a aistriú ina gheilleagar ísealcharbóin a bheidh tíosach ar acmhainní, glas agus iomaíoch; agus saoránaigh an Aontais a chosaint ar bhrú agus ar rioscaí don tsláinte agus don dea-bhail a eascraíonn as fadhbanna comhshaoil.

5. TAGANN SÍ lenar dúradh sa mheastóireacht go bhfuil breisluach suntasach á chur ar fáil ag an 7ú CGC i réimse an bheartais don chomhshaol agus don athrú aeráide; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS go leagtar síos straitéis láidir leis an 7ú CGC, go gcruthaítear naisc láidre agus chomhleanúnacha le straitéisí náisiúnta, go gcuidíonn sé le gníomhaíochtaí a dhéanamh níos intuartha, níos tapúla agus gur fearr an comhordú a dhéantar orthu i réimse an bheartais don chomhshaol agus don athrú aeráide agus go gcuireann sé ar chumas an Aontais labhairt d'aon ghuth i gcaibidlíocht idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol;

6. MEABHRAÍTEAR DI go leanfaidh an 7ú CGC go dtí an 31 Nollaig 2020; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a threisiú chun gníomhaíochtaí faoi na cuspóirí tosaíochta, go háirithe sna réimsí lena mbaineann an caipiteal nádúrtha, na seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais, an tsláinte, truailliú aeir, cáilíocht an uisce, na ceimiceáin ghuaiseacha agus an infheistíocht a thabhairt chun críche; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún straitéis an Aontais maidir le comhshaol neamhthocsaineach a thíolacadh gan a thuilleadh moille, i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí an Aontais, i gcomhréir leis an 7ú CGC agus leis na conclúidí ón gComhairle dar teideal ''I dtreo straitéis an Aontais do bheartas inbhuanaithe ceimiceán'', a thabharfaidh aghaidh ina n-iomláine ar shaincheisteanna a bhaineann le suaiteoirí inchríneacha, comhéifeachtaí ceimiceán agus nana-ábhair;

**An 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol**

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra uaillmhianach dírithe a thíolacadh don 8ú CGC don tréimhse 2021-2030 go luath in 2020 ar a dhéanaí chun bearna a sheachaint idir an 7ú CGC agus an 8ú CGC, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4 den Chinneadh den 7ú CGC; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don 8ú CGC tógáil ar thorthaí na tuarascála meastóireachta ón 7ú CGC, chomh maith leis an eolaíocht agus an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear Tuarascáil Chomhshaol na hEorpa – staid agus forbhreathnú 2020 (SOER 2020), agus éagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla an Aontais agus Airteagal 191(3) CFAE á gcur san áireamh;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndáil leis an méid sin, cuspóirí tosaíochta coiteanna a athbhunú nó a shainaithint le haghaidh gníomhaíochtaí straitéiseacha faoin 8ú CGC, ag cloí le fís 2050 ón 7ú CGC agus ag an am céanna ag díriú i gcónaí ar thorthaí nithiúla a bhaint amach a luaithe agus is féidir agus faoi 2030 ar a dhéanaí, ionas go mbeidh an 8ú CGC mar an colún comhshaoil de chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 san Aontas; maidir leis seo, CUIREANN SÍ I dTREIS an gá práinneach le dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 go domhanda agus go hinmheánach araon, mar thosaíocht uileghabhálach de chuid an Aontais, chun tairbhe a chuid saoránach agus chun a inchreidteacht laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain a chaomhnú;

9. IARANN SÍ ar an gCoimisiún sásra faireacháin atá sainmhínithe go cúramach a chur san áireamh san 8ú CGC chun úinéireacht agus cur chun feidhme na ngealltanas a áirithiú chomh maith le táscairí soiléire atá bunaithe ar thorthaí chun dul chun cinn a thomhas; ba cheart go gcuirfeadh an sásra faireacháin sin leis na sásraí tuairiscithe agus bailithe sonraí atá ann cheana féin (amhail an tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil (EIR), an Seimeastar Eorpach, an Tuarascáil ar Staid Chomhshaol na hEorpa (SOER), na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus eile) agus san am céanna dúbailt agus ualach breise riaracháin a sheachaint do na Ballstáit agus do chomhlachtaí tuairiscithe eile; ina theannta sin, ba cheart athbhreithniú meántéarma a áireamh ar an 8ú CGC in 2024 ionas gur féidir measúnú a dhéanamh air agus aghaidh a thabhairt ar aon ábhair imní chomhshaoil atá ag teacht chun cinn;

10. MEASANN SÍ go mba cheart don 8ú CGC a bheith ábhartha do na geallsealbhóirí go léir agus gur cheart go ndéanfaí na leibhéil rialachais éagsúla, na gníomhaithe ábhartha go léir agus comhpháirtíochtaí nua a chomhtháthú níos fearr, chomh maith le forbairt i gcomhaontuithe idirnáisiúnta; CUIREANN SÍ I DTREIS gur cheart don 8ú CGC aghaidh a thabhairt ar rialachas comhshaoil, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le trédhearcacht, faisnéis, rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le feabhas a chur ar chur chun feidhme, ar fhorfheidhmiú reachtaíocht an Aontais, ar fhaisnéis, ar chumarsáid leis an bpobal agus ar fheasacht an phobail a ardú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá le malartú fios gnó agus dea-chleachtais a éascú agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis ina gcuid iarrachtaí chun reachtaíocht chomhshaoil a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS gur de chineál sistéamach iad na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol san Eoraip agus a riachtanaí atá sé a bheith ag obair ar phacáistí beartais a bhfuil peirspictíocht inbhunaitheachta níos leithne acu, ina gcomhtháthaítear na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe, deiseanna a thapú go hiomlán idir na comhthairbhí agus na sineirgí a bhaineann le beartais chomhshaoil éagsúla – lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aeráid, an nádúr agus an bhithéagsúlacht, cáilíocht an aeir agus timpeallacht fholláin maireachtála, acmhainní uisce agus an geilleagar ciorclach – agus gné an chomhshaoil a phríomhshruthú, mar a leagtar amach sa Pháipéar Machnaimh ón gCoimisiún maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus béim ar leith ar bheartais a bhaineann leis an trádáil, le talmhaíocht agus bia, leis an bhforaoiseacht, leis an iascach, le fuinneamh, leis an mianadóireacht, le tionscail, le foirgnimh, le cosaint shibhialta, le hinfreastruchtúr, agus le beartais dhigiteacha, iompair agus soghluaisteachta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí maidir leis an aistriú glas atá cóir, ina ndéanfar gnéithe comhshaoil agus aeráide a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus beartais shóisialta, eacnamaíocha agus airgeadais an Aontais á gceapadh;

12. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé maoiniú na mbeartas comhshaoil agus maoiniú inbhuanaithe maidir leis an aistriú glas a neartú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh cuideachtaí freagracha cuspóirí comhshaoil a chomhtháthú ina bpleananna gnó; I dtaca leis an méid sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí maidir leis an aistriú glas a shlógadh, chun costais chomhshaoil agus shóisialta sheachtracha a inmheánú i bpraghsanna margaidh agus a riachtanaí atá sé deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol; IS MIAN LÉI AIRD A THARRAINGT AR an ról ríthábhachtach atá ag Fís Eorpach chun an nuálaíocht agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha maidir leis an aistriú glas a spreagadh; TACAÍONN SÍ le cur chun feidhme leanúnach an phlean gníomhaíochta maidir le fás inbhuanaithe a mhaoiniú, go háirithe an creat chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú;

13. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé sláinte na saoránach a chosaint, agus béim ar leith ar cháilíocht an aeir agus cáilíocht an uisce a fheabhsú agus ar an teagmháil leis na substaintí uile ar cúis imní iad a chosc nó a íoslaghdú, go háirithe i gcás substaintí ar údar mór imní iad a chuirtear ar an margadh nó a scaoiltear sa chomhshaol ar fud na hEorpa;

14. IS MIAN LÉI AIRD A THARRAINGT ar an ngá atá le dlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar a bheidh tíosach ar acmhainní, ar geilleagar ciorclach neamhthocsaineach sábháilte é a bheidh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de, lena ngabhfaidh pátrúin táirgthe agus tomhaltais atá sábháilte agus inbhuanaithe, agus chun a áirithiú go gcuireann ceapadh beartas iomaíochais, tionsclaíoch agus trádála an Aontais leis an gcuspóir sin; Maidir leis an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé gluaiseacht i dtreo timthriallta ciorclacha ábhar neamhthocsaineach trí éicidhearthóireacht táirgí a fheabhsú agus trí úsáid amhábhair inbhuanaithe, inathnuaite agus thánaisteacha a uasmhéadú, atá sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta nua don gheilleagar ciorclach a bhunú chomh maith le creat straitéiseach fadtéarmach, ina gcuimseofar comhfhís maidir le geilleagar ciorclach;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhleanúnachas an 8ú CGC le sprioc Chomhaontú Pháras a áirithiú d'fhonn iarracht a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú go 1.5°C agus le straitéis fhadtéarmach an Aontais maidir le geilleagar a bheidh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de a bheith ann;

16. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá práinneach atá le gníomhaíochtaí breise a ghlacadh chun bithéagsúlacht talún, fionnuisce agus muirí a chosaint agus a athchóiriú, chomh maith le seirbhísí éiceachórais, agus chun réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chur chun cinn agus go leanfaí de bhainistiú inbhuanaithe na hithreach a chur chun cinn; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dul i ngleic leis na dúshláin a bhfuil béim orthu i dTuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda IPBES 2019 maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, lena n-áirítear na cúig phríomhghné is cúis le caillteanas na bithéagsúlachta;

17. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá spriocanna bithéagsúlachta atá uaillmhianach réadúil intomhaiste a chuimsiú faoin 8ú CGC lena áirithiú go leanfar de mhaoiniú leordhóthanach comhsheasmhach ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht, agus go leanfar den obair atá idir lámha maidir le sraith táscairí chun gur féidir na torthaí a mheas mar is iomchuí, agus go rannchuideofar le clár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe; AITHNÍONN SÍ gur gá an bhithéagsúlacht a chomhtháthú agus a phríomhshruthú go hiomlán i mbeartais earnála, *inter alia* pleananna gníomhaíochta earnála ina dtugtar aghaidh ar na nithe is cúis le cailliúint na bithéagsúlachta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis bithéagsúlachta an Aontais agus torthaí CP CB in 2020 á gcur san áireamh;

18. CUIREANN SÍ I dTREIS na buntáistí a bhaineann le luachanna agus caighdeáin chomhshaoil an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain, ní hamháin chun an t-ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha a chosaint, ach chomh maith leis sin, chun bheith ina cheannródaí maidir leis an aistriú eacnamaíoch glas cuimsitheach, rud a chuideoidh leis an Aontas caighdeáin dhomhanda a chumadh agus tairbhe a bhaint as buntáiste láidir iomaíoch; IS MIAN LÉI AIRD A THARRAINGT ar an ngá atá le caighdeáin Eorpacha a chosaint agus a áirithiú go mbeidh beartas trádála níos comhleanúnaí le luachanna forbartha inbhuanaithe an Aontais, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta;

19. IS MIAN LÉI AIRD A THARRAINGT ar acmhainneacht an digitithe agus na dteicneolaíochtaí nua, amhail sonraí satailíte, cianbhraiteacht agus intleacht shaorga; MOLANN SÍ don Choimisiún aghaidh a thabhairt go córasach ar na rioscaí agus na dúshláin a bhainfeadh leis an gclaochlú digiteach; CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le bailiú, anailísiú agus úsáid sonraí a fheabhsú agus leas a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le sonraí comhiomlánaithe chun torthaí a bhaint amach, an bonn eolais a mhéadú, an éiceanuálaíocht a chothú, agus deiseanna maidir leis an aistriú glas a thapú trí shamhlacha nua gnó, próisis, táirgí agus seirbhísí; MOLANN AN CHOMHAIRLE don Choimisiún agus do na Ballstáit rochtain ar shonraí comhshaoil agus ar chórais faisnéise agus an úsáid a bhaintear astu a fheabhsú agus dea-chleachtais a chur chun cinn;

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór don tsochaí shibhialta, lena n-áirítear daoine óga, an earnáil phríobháideach agus lucht léinn a bheith páirteach san idirphlé gníomhach sula nglacfar an 8ú CGC agus le linn a shaolré; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ról lárnach ag cathracha maidir le cur chun feidhme an CGC agus leis an bpobal a spreagadh páirt a ghlacadh ann.